COLÁISTE FEIRSTE

9/10/20

A thuismitheoir/a chaomhnóir,

Ar an drochuair, de dheasca easpa ball foirne, b'éigean dom cinneadh a dhéanamh roinnt blianghrúpaí a theagasc sa bhaile an tseachtain seo chugainn. Is iad:

Bliain 9

Bliain 10

Bliain 11

Freastalóidh na daltaí sna blianghrúpaí eile (Blianta 8/12/14) ar scoil mar is gnáth. Tá socruithe eile i bhfeidhm do dhaltaí Bhliain 13 agus cuireadh in iúl do na tuismitheoirí cheana.

Faoi láthair tá 2 bhall foirne a fuair tástáil dheimhneach ar Covid. Tá a lán ball foirne eile ag féinleithlisiú áfach, i ndiaidh teachtaireacht ó PHA go bhfuil siad ina dteagmhálaithe cóngaracha le cás deimhneach (chan go cinnte an 2 bhall foirne atá deimhneach). Lena chois sin tá baill foirne eile as láthair mar gheall ar chúrsaí eile a bhaineann le Covid (mar shampla druidim seirbhísí cúraim leanaí). Mar gheall air seo ní féidir linn, go fiú le hionadaithe, gach rang a chlúdach ná cinntiú go leanfar den ardchaighdeán foghlama do gach dalta.

Tuigeann muid go mbeidh drochthionchar aige seo ar oideachas ár ndaoine óga agus go gcuirfidh sé níos mó brú ar na tuismitheoirí. Ní dhéanann muid gníomhartha mar seo ach nuair nach mbíonn an dara suí sa bhuaile againn.

Tá sárobair déanta ag na múinteoirí chun ceachtanna agus acmhainní a ullmhú don fhoghlaim ar líne (*Google Classroom*); agus tá siad ag obair leis na daltaí chun na scileanna cuí a chothú iontu maidir leis seo. Cé nach féidir leis an chur chuige seo na deiseanna agus tacaíocht chéanna a sholáthar a bhíonn ar fáil ar scoil, creideann muid, mar sin féin, gur féidir linn an drochthionchar ar an oideachas a laghdú go suntasach. Tá súil againn gur féidir linn gach blianghrúpa a ghlacadh ar ais ar scoil **Dé Luain 19 Deireadh Fómhair**.

Má bhíonn aon cheist nó ábhar buairimh agat, déan teagmháil le do thoil, le múinteoir foirme nó le Ceann Bliana do pháiste sa chéad dul síos.

Mar mhúinteoirí gairmiúla agus mar chrainn taca an Ghaeloideachais, leanfaidh muid go díograiseach linn ag soláthar foghlaim éifeachtach fhiúntach do do pháiste.

Is mise le meas,

M. Mac Giolla Ghunna

Micheál Mac Giolla Ghunna

Príomhoide

7 Páirc Radharc na bhFeá,
Béal Feirste BT12 7PY
Guthán 028 9032 0707
www.colaistefeirste.org

COLÁISTE FEIRSTE

9/10/20

A thuismitheoir/a chaomhnóir,

Regrettably, due to staff shortages I have had to take the decision to teach some year groups at home next week. These groups are:

Year 9

Year 10

Year 11

Pupils in other year groups (Year 8, 12, 14) will attend school as normal. Other arrangements apply to Year 13 and parents have already been informed of these.

At present we have 2 staff members who have been tested positive for Covid. We have many others self-isolating, however, having been informed by PHA that they are close contacts of a positive case (not necessarily the 2 positive staff members). We also have staff absences due to other Covid-related factors (such childcare services' closures). This means that, even with substitute teachers, we cannot cover all classes or ensure that high quality learning continues for all pupils.

We understand that this is detrimental to our young people's education and puts extra pressure on parents. We only take such steps as a last resort.

Teachers have done a lot of work on preparing lessons and resources for our online learning platform (Google Classroom) and have been working with pupils to upskill them in this regard. While this approach cannot replace the opportunities and support our pupils receive in school, nevertheless we believe that it can reduce significantly the negative effects on education at this time. We hope that we will be able to take all year groups back into school from ***Monday 19th October****.*

If you have any questions or concerns, please contact your child's form teacher or Year Head in the first instance.

We remain committed as professional teachers and as champions of Irish-medium education to ensuring that effective and meaningful learning for your child continues.

Is mise le meas,

M. Mac Giolla Ghunna

Micheál Mac Giolla Ghunna

Príomhoide

7 Páirc Radharc na bhFeá,
Béal Feirste BT12 7PY
Guthán 028 9032 0707
www.colaistefeirste.org